Ráiteas Polasaí COVID-19

Geallann Coláiste an Phiarsaigh láthair oibre sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil dár bhfoireann go léir agus timpeallacht foghlama shábháilte dár scoláirí go léir. Chun é sin chinntiú, tá an Plean seo a leanas Freagartha COVID-19 forbartha agus nuashonraithe againn. Tá an Bord Bainistíochta / BOO agus foireann uile na scoile freagrach as an bplean seo a chur i bhfeidhm agus cabhróidh comhiarracht chun scaipeadh an víris a choimeád faoi smacht. Déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar ár bhfreagra ar COVID-19 agus an plean seo a leasú i gcomhairle lenár bhfoireann
- eolas cothrom le dáta a chur ar fáil dár bhfoireann agus dár scoláirí ar an gcomhairle Sláinte Poiblí a d'eisigh FSS agus Gov.ie
- faisnéis a thaispeáint faoi chomharthaí agus airíonna COVID-19 agus faoi theicnící cearta níochán lámh
- ionadaí oibrithe is féidir a aithint go héasca a chomhaontú leis an bhfoireann chun an ról atá leagtha amach sa phlean seo a chur i gcrích i ndáil le soláthar samhraidh
- gach ball foirne agus scoláirí a chur ar an eolas faoi bhéasaíocht riachtanach maidir le sláinteachas agus riospráide agus faoi riachtanais maidir le scaradh fisiciúil
- an scoil a chur in oiriúint do scaradh fisiciúil de réir mar is cuí de réir threoir sláinte poiblí agus treoir na Roinne Oideachais
- loga teagmhála a choinneáil chun cabhrú le rianú teagmhála
- a chinntiú go nglacfaidh an fhoireann agus na scoláirí páirt san ionduchtúchán / seisiún

  faisnéise a chuireann an Roinn Oideachais ar fáil

- nósanna imeachta comhaontaithe a chur chun feidhme i gcás duine a léiríonn comharthaí

  COVID-19 agus iad ar scoil

- treoracha a chur ar fáil don fhoireann agus do scoláirí a gcloífear leo má thagann

  comharthaí agus airíonna COVID-19 orthu le linn am scoile

- glanadh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le comhairle na Roinne Oideachais

  Rachfar i gcomhairle le foireann uile na scoile ar bhonn leanúnach agus spreagtar aiseolas maidir le haon imní, saincheisteanna nó moltaí.

  Is féidir é seo a dhéanamh trí Ionadaí / Ionadaithe na nOibrithe a dtacófar leis / léi de réir an chomhaontaithe idir an Roinn agus comhpháirtithe oideachais.

Micheál Ó Tuama
Príomhoide na Scoile

Ruairí Ó Catháin
Cathaoirleach an Bord Bainistíochta

Dáta: 26-02-2021